

An Geall (le Liam Mac Uistín)	
1.	D'éirigh an dochtúir agus d'oscail sé an doras.
2.	'Tá a lán othar ag feitheamh liom amuigh.
3.	Imigh leat anois.'
4.	Níor chorraigh Colm.
5.	'Cuirfidh mé geall leat go dtosóidh mé inniu ar mo shlí bheatha a bhaint amach dom féin agus go n-éireoidh liom maireachtáil ar mo thuarastal leathbhliana.
6.	Mura n-éiríonn liom tiocfaidh mé ar ais chugat agus tabharfaidh mé €50,000 duit le tabhairt d'eagraíocht charthanachta ar bith a roghnóidh tú féin.
7.	Ach má éiríonn liom beidh ortsa mo lámh a chroitheadh agus pardún a ghabháil liom.
8.	Cad deir tú?'
9.	Tháinig meangadh searbh ar bhéal an dochtúra.
10.	'Tá tú saibhir agus tá cairde rachmasacha agat, is dócha.
11.	Táim cinnte go mbeadh siadsan toilteanach tú a fhostú go ceann sé mhí.'
12.	Tháinig faghairt i súile Choilm.
13.	'Geallaimse nach mbainfidh mé aon bhuntáiste as mo chuid saibhris ná as mo chuid cairde.
14.	Tógfaidh mé €200 as mo chuid airgid féin mar chúnamh dom i dtús báire. Sin an méid.
15.	Ní bhainfidh mé úsáid ar bith eile as mo chuid airgid ach amháin, b'fhéidir, i gcás éigeandála.
16.	Ach fiú sa chás sin ní bhainfidh mé aon sochar pearsanta as.
17.	Má aithnítear mé i bpost, fágfaidh mé an post sin láithreach.'
18.	'D'fhéadfainn a lán maitheasa a dhéanamh le €50,000,' arsa an dochtúir.
19.	'An bhfuil tú i ndáiríre?'
20.	'Táim lándáiríre faoin ngeall seo,' a dhearbhaigh Colm.
21.	'Agus beidh an bua agam. Bí cinnte de sin!'
22.	'Feicfidh,' a dúirt an dochtúir.
23.	Shín sé méar i dtreo an dorais.
24.	'Imigh leat anois.'
25.	Thug Colm féachaint fhiata air, d'fhág an seomra agus dhún an doras de phlab ina dhiaidh.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
1.	D'éirigh an dochtúir agus d'oscail sé an doras.	The doctor got up and opened the door.
2.	'Tá a lán othar ag feitheamh liom amuigh.	'There are a lot of patients waiting for me outside.
	a. Bhí a lán daoine ann.	There were a lot of people there.
	b. Ní raibh mórán daoine ann.	There weren't a lot of people there.
	c. An raibh mórán daoine ann?	Were there a lot of people there?
3.	Imigh leat anois.'	Off with you now.'
4.	Níor chorraigh Colm.	Colm didn't move.
5.	'Cuirfidh mé geall leat go dtosóidh mé inniu ar mo shlí bheatha a bhaint amach dom féin agus go n-éireoidh liom maireachtáil ar mo thuarastal leathbhliana.	'I'll wager with you that I will start today to earn my living for myself and that I will succeed in living on my salary for half a year.
	a. Cuirfidh mé geall leat.	I'll wager with you.
	b. Ní chuirfidh mé geall leat.	I won't wager with you.
	c. An gcuirfidh tú geall liom?	Will you wager with me?
	d. Tosóidh mé inniu.	I'll start today.
	e. Ní thosóidh mé inniu.	I won't start today.
	f. An dtosóidh tú inniu?	Will you start today?
	g. Dúirt sé go raibh tinneas cinn air.	He said that he had a headache.
	h. Dúirt sé go bhfuil tinneas cinn air.	He said that he has a headache.
	i. Dúirt sé go mbeidh tinneas cinn air.	He said that he will have a headache.
	j. Dúirt sé go gcuirfidh sé ar an mbord é.	He said that he will put it on the table.
	k. Dúirt sé go n-éireoidh leis.	He said that he will succeed.
6.	Mura n-éiríonn liom tiocfaidh mé ar ais chugat agus tabharfaidh mé €50,000 (caoga míle euro) duit le tabhairt d'eagraíocht charthanachta ar bith a roghnóidh tú féin.	If I don't succeed, I'll come back to you and give you €50,000 to give to any charitable organization that you'll choose.
	a. Má thagann tú, beidh áthas orm.	If you come, I'll be happy.
	b. Mura dtagann tú, beidh brón orm.	If you don't come, I'll be sad.
	c. Má éiríonn tú ag a sé, beidh tú in am.	If you get up at six, you'll be on time.
	d. Mura n-éiríonn tú ag a sé, beidh tú déanach.	If you don't get up at six, you'll be late.
	e. Tar isteach.	Come in.
	f. Tháinig sé abhaile seachtain ó shin.	He came home a week ago.
	g. Tagann sé abhaile ag a seacht.	He comes home at seven.
	h. Tiocfaidh sé abhaile amárach.	He will come home tomorrow.
	i. Tá sé ag teacht abhaile.	He's coming home.
	j. Tabhair gloine uisce dom, le do thoil.	Give me a glass of water, please.
	k. Thug sé gloine uisce dom.	He gave me a glass of water.
	l. Tugann sé uisce dom gach lá.	He gives me water every day.
	m. Tabharfaidh sé gloine uisce dom.	He will give me a glass of water.
	n. D'iarr mé air gloine uisce a thabhairt dom.	I asked him to give me a glass of water.
7.	Ach má éiríonn liom beidh ortsa mo lámh a chroitheadh agus pardún a ghabháil liom.	But if I succeed, you'll have to shake my hand and beg my pardon.
	a. Tá orm fanacht sa bhaile.	I have to stay at home.
	b. Bhí orm litir a scríobh.	I had to write a letter.
	c. Níl ort ach glaoch a chur orm.	All you have to do is call me.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
8.	Cad deir tú?	What do you say?
9.	Tháinig meangadh searbh ar bhéal an dochtúra.	A sardonic smile came over the doctor's mouth.
10.	'Tá tú saibhir agus tá cairde rachmasacha agat, is dócha.	You're rich and you probably have wealthy friends.
11.	Táim cinnte go mbeadh siadsan toilteanach tú a fhostú go ceann sé mhí.'	I'm sure they would be willing to employ you for six months.
12.	Tháinig faghairt i súile Choilm.	A flash came into Colm's eyes.
13.	'Geallaimse nach mbainfidh mé aon bhuntáiste as mo chuid saibhris ná as mo chuid cairde.	'I promise that I won't take advantage of my wealth or of my friends.
14.	Tógfaidh mé €200 (dhá chéad euro) as mo chuid airgid féin mar chúnamh dom i dtús báire. Sin an méid.	I'll take €200 from my own money as a help to me at first. That's all.
15.	Ní bhainfidh mé úsáid ar bith eile as mo chuid airgid ach amháin, b'fhéidir, i gcás éigeandála.	I won't make any use of my money except, perhaps, in case of emergency.
	a. Ar bhain tú úsáid as an bhfoclóir?	Did you make use of the dictionary?
	b. Bhain. / Níor bhain.	Yes / No
	c. An mbainfidh tú úsáid as an bhfoclóir?	Will you make use of the dictionary?
	d. Bainfidh. / Ní bhainfidh.	Yes / No
16.	Ach fiú sa chás sin ní bhainfidh mé aon sochar pearsanta as.	But even in that case I won't get any personal benefit from it.
17.	Má aithnítear mé i bpost, fágfaidh mé an post sin láithreach.'	If I am recognized in a job, I'll leave that job right away.'
	a. An bhfuil aithne agat orm?	Do you know me?
	b. Ar aithin tú mé?	Did you recognize me?
	c. An aithníonn siad thú?	Do they know you?
	d. An aithnítear thú?	Do they know you? / Are you known?
18.	'D'fhéadfainn a lán maitheasa a dhéanamh le €50,000 (caoga míle euro),' arsa an dochtúir.	'I could do a lot of good with €50,000,' said the doctor.
19.	An bhfuil tú i ndáiríre?'	Are you serious?'
20.	'Táim lándáiríre faoin ngeall seo,' a dhearbhaigh Colm.	'I'm fully serious about this wager,' declared Colm.
21.	'Agus beidh an bua agam. Bí cinnte de sin!'	'And I'll win. Be sure of that!'
22.	'Feicfidh,' a dúirt an dochtúir.	'We'll see,' said the doctor.
	a. An bhfeiceann tú mé?	Do you see me?
	b. Feiceann. / Ní fheiceann.	Yes / No
	c. An bhfaca tú mé?	Did you see me?
	d. Chonaic. / Ní fhaca.	Yes / No
	e. An bhfeicfidh tú mé?	Will you see me?
	f. Feicfidh. / Ní fheicfidh.	Yes / No
23.	Shín sé méar i dtreo an dorais.	He stretched a finger towards the door.
24.	'Imigh leat anois.'	'Off with you now.'
25.	Thug Colm féachaint fhiata air, d'fhág an seomra agus dhún an doras de phlab ina dhiaidh.	Colm gave him a wild look, left the room and shut the door behind him with a slam.